| Foirm Iarratais Scardadh isteach in Uisce Dromchla | Comhairle Chontae na Gaillimhe<br>Galway County Council | Discharge to Surface Water Application Form |
|---|---|---|

| Tá an fhoirm seo le fáil i gcló mór chomh maith | This form is also available in large print |
|---|---|
| **Tá míle fáilte an fhoirm seo a líonadh i nGaeilge** | |

Foirm Iarratais – Scardadh isteach in Uisce Dromchla

**Na hAchtanna Rialtais Áitiúla (Truailliú Uisce) 1977 & 1990**

## Part I – Declarations & Signatures

### A. Treoir maidir le hIarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Scardaidh

Ní mór d'aon duine a bheartaíonn dramhuisce tís nó eisilteach trádála a scardadh isteach in uisce dromchla cead a fháil chun déanamh amhlaidh ón Údarás Áitiúil nó ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) sula gcuirtear tús leis an scardadh.

I gcás ina bhfuil an scardadh incheadúnaithe ag an Údarás Áitiúil, ní mór an Fhoirm Iarratais seo a chomhlánú agus a chur faoi bhráid an Údaráis Áitiúil.

Iarrtar ar an Iarratasóir an "Treoir maidir le hIarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Scardaidh" a léamh sula gcomhlánaítear an fhoirm iarratais ar cheadúnas.

### B. An Fhoirm Iarratais a Chomhlánú

Tá treoir faoin bhfaisnéis atá le cur isteach i ngach Cuid den Fhoirm Iarratais ar fáil in "*Treoir maidir le hIarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Scardaidh*".

---

Iarrtar ar an Iarratasóir dul i dteagmháil leis an Údarás Ceadúnúcháin más rud é:

- go bhfuil sé/sí éiginnte i dtaobh an bhfuil an scardadh incheadúnaithe ag an Údarás Áitiúil nó ag an GCC
- go bhfuil deacracht aige/aici maidir leis an bhfaisnéis go léir a éilítear san fhoirm iarratais a sholáthar
- go bhfuil sé/sí éiginnte i dtaobh cén fhaisnéis atá le soláthar san fhoirm
- go bhfuil sé/sí éiginnte i dtaobh cén áit a bhfaighfear an fhaisnéis a éilítear san fhoirm
- go bhfuil gá acu le haon fhaisnéis nó treoir maidir leis an bhfoirm a chomhlánú

**NÍ BHEIDH an tÚdarás Ceadúnúcháin in ann iarratas neamhiomlán a phróiseáil.**

---

I gcás ina mbeartaítear níos mó ná scardadh amháin a dhéanamh, ní mór don iarratasóir ar cheadúnas scardaidh dul i dteagmháil leis an Údarás Ceadúnúcháin roimh ré chun comhairle a fháil i dtaobh an leor foirm iarratais amháin nó an gá níos mó ná foirm iarratais amháin a chur isteach.

**Leatháin Bhreise**

I gcás nach bhfuil dóthain spáis ann in aon chuid den Fhoirm Iarratais chun an fhaisnéis a lorgaítear a sholáthar, is ceart don Iarratasóir leatháin bhreise, agus an fhaisnéis sin orthu, a chur i gceangal leis an bhfoirm.

Is ceart cros-tagairt a chur ar na leatháin bhreise chun an chuid chuí den Fhoirm Iarratais lena mbaineann an leathán breise a shainaithint. Cuir ainm an Iarratasóra agus ainm an áitribh óna ngintear an scardadh ar gach leathán agus tabhair léiriú ar an roinn agus ar an gcuid den Fhoirm Iarratais lena mbaineann gach ceann ar leith de na leatháin bhreise. Tá sampla de chros-tagairt ar Leathán Breise le fáil in "*Treoir maidir le hIarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Scardaidh - Screamhuiscí*".

**Tuilleadh Faisnéise a Iarraidh**

Faoi Alt 7(3) de na *Rialacháin Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1978*, tá an tÚdarás Ceadúnúcháin i dteideal a iarraidh ar an Iarratasóir faisnéis bhreise a sholáthar i gcás ina measann an tÚdarás Ceadúnúcháin go bhfuil gá leis an bhfaisnéis bhreise sin chun iarratas ar cheadúnas scardaidh a bhreithniú.

I gcás nach ndéanfaidh an tIarratasóir faisnéis bhreise a sholáthar laistigh de thréimhse trí mhí ón tráth a bhfaightear iarraidh den sórt sin, féadfaidh an tÚdarás Ceadúnúcháin na himscrúduithe riachtanacha a dhéanamh chun an fhaisnéis a fháil agus ní mór don Iarratasóir costas na n-imscrúduithe sin a íoc. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an tÚdarás Ceadúnúcháin cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarratas d'éagmais faisnéise den sórt sin.

**C. Síniú an Iarratasóra & an Ghníomhaire**

Sainaithin an aicme scardaidh lena mbaineann an t-iarratas seo.

**Déanaim iarratas leis seo ar cheadúnas chun eisilteach _________________ * a scardadh isteach in uisce dromchla faoin Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 i leith na sonraí atá ann san iarratas seo thar ceann ________________________________________** *(cuir isteach ainm an Iarratasóra).*

**léirigh cibé acu eisilteach trádála nó eisilteach tís, nó eisilteach trádála agus eisilteach tís, atá i gceist*

I gcás ina ndéanann Gníomhaire an t-iarratas seo thar ceann Iarratasóra, ní mór síniú an Iarratasóra a sholáthar thíos á dhaingniú go bhfuil an Gníomhaire údaraithe chun iarratas a dhéanamh thar ceann an

iarratasóra:

**Údaraím leis seo do ______________________** *(ainm an Ghníomhaire)* **iarratas a dhéanamh ar cheadúnas scardaidh thar ceann ______________________** *(ainm an Iarratasóra).*

**Síniú:** ____________________ **Dáta:** ____________

*(ní mór síniú an Iarratasóra a sholáthar anseo)*

**Dearbhaím leis seo gurb eol dom go hiomlán mo chuid freagrachtaí maidir le coinníollacha aon cheadúnais a dheonaítear ar bhonn an iarratais seo a chomhlíonadh agus admhaím go bhféadfainn teacht faoi réir dliteanais choiriúil i gcás nach gcomhlíontar téarmaí an cheadúnais.**

**Síniú:** ____________________ **:** ____________

*(ní mór síniú an Iarratasóra a sholáthar anseo)*

**Féach an "Treoir maidir le hIarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Scardaidh" chun sainmhínithe a fháil ar an Iarratasóir agus ar an nGníomhaire.**

## CUID I – Roinn 2

### A. Faisnéis a Nochtadh

San Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (arna leasú), luaitear go bhfuil an ceart ag gach duine rochtain a fháil ar aon taifead a shealbhaíonn comhlacht poiblí. Áiríonn sé sin ceadúnais scardaidh (agus iarratais ghaolmhara) a shealbhaíonn an tÚdarás Áitiúil. Féadfaidh an tÚdarás Áitiúil diúltú rochtain ar thaifid a shealbhaíonn siad a sholáthar i gcás inar soláthraíodh an fhaisnéis don Údarás Áitiúil ar an tuiscint go rabhthas chun déileáil léi mar ábhar rúnda. I measc na n-imthosca ina bhféadfadh feidhm a bheith ag rúndacht áirítear cás ina bhfuil faisnéis atá íogaireacht ó thaobh cúrsaí tráchtála de nó nithe a bhaineann le slándáil Náisiúnta ann san fhaisnéis a sholáthraítear.

Iarrtar ar an Iarratasóir an fhaisnéis ar fad atá ann san iarratas ar faisnéis í nach mór déileáil léi mar ábhar rúnda a shainaithint agus iarrtar air/uirthi na forais a shainaithint ar dá réir a fhéadtar an fhaisnéis sin a aicmiú mar ábhar rúnda.

### B. Faisnéis atá Bréagach nó Míthreorach

Is cion é faoin *Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977*, faisnéis atá bréagach nó míthreorach a thíolacadh san fhoirm iarratais agus dlitear fíneáil a fhorchur ar an Iarratasóir i gcás ina gciontaítear é/í i gcion den sórt sin.
Tá síniú ionadaithe údaraithe an Iarratasóra agus, más cuí, síniú an Ghníomhaire le soláthar á dhaingniú go bhfuil an fhaisnéis go léir atá ann san iarratas seo ceart agus, freisin, go bhfuil siad ar an eolas faoi

fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise.

**Dearbhaím/Dearbhaímid go bhfuilim/bhfuilimid ar an eolas faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise agus go dtuigim/dtuigimid go bhfuil freagracht dhlíthiúil ar an Údarás Áitiúil an t-iarratas seo ar cheadúnas scardaidh a chur ar fáil lena iniúchadh ag tríú páirtithe.**

**Dearbhaím/Dearbhaímid, de réir mar is fearr is eol dom/dúinn, go bhfuil an fhaisnéis go léir a sholáthraítear san iarratas seo fíor agus ceart.**

**Síniú:** ______ : ______

*(ní mór síniú an Iarratasóra a sholáthar anseo)*

**Síniú:** ______ : ______

*(ní mór síniú an Iarratasóra a sholáthar anseo)*

**CUID II – Roinn 1**

**A. Mionsonraí Teagmhála – An tIarratasóir**

| **A (i) Tabhair mionsonraí anseo thíos faoin Iarratasóir** | |
|---|---|
| Is é atá san Iarratasóir ná: | ☐ Duine Aonair<br>☐ Grúpa Daoine Aonair<br>☐ Comhlacht Corpraithe |
| Ainm<br>(Tabhair ainm an Phríomhdhuine Teagmhála)* | |
| Seoladh | |
| | |
| | |
| Cód Poist | |
| Uimhir Theileafóin (sa lá) | |
| Uimhir Theileafóin (san oíche) | |
| Facs | |
| ríomhphost | |
| * I gcás inar grúpa daoine aonair nó comhlacht corpraithe an tIarratasóir, tabhair ainm duine amháin a fheidhmeoidh mar phríomhdhuine teagmhála chun críocha comhfhreagrais i ndáil le ceadúnas arna dheonú ag an údarás ceadúnúcháin. | |

| A (ii) I gcás inar Duine Aonair an tIarratasóir, tabhair na mionsonraí seo a leanas: | |
|---|---|
| An bhaint leis an áitreabh óna mbeartaítear scardadh a dhéanamh | ☐ Úinéir/áititheoir<br>☐ Úinéir talún<br>☐ Freagrach as saoráid chóireála<br>☐ Eile ____________________*( sonraigh le do thoil)* |

| A (iii) I gcás inar Grúpa Daoine Aonair an tIarratasóir, tabhair na mionsonraí seo a leanas: | |
|---|---|
| An Cineál Grúpa | ☐ Cuideachta Bhainistíochta<br>☐ Cumann Cónaitheoirí<br>☐ Grúpa Deonach<br>☐ Club<br>☐ Eile ___________________*( sonraigh le do thoil)* |
| **A (iv) I gcás inar Comhlacht Corpraithe an tIarratasóir, tabhair na mionsonraí seo a leanas:** | |
| An Cineál Comhlachta Chorpraithe | ☐ Cuideachta Theoranta<br>☐ Cuideachta Phoiblí Theoranta<br>☐ Trádálaí Aonair<br>☐ Comharchumann<br>☐ Comhpháirtíocht<br>☐ Eile __________________*( sonraigh le do thoil)* |
| Ní mór Deimhniú Corpraithe a chur in éineacht leis an iarratas agus ainmneacha na Stiúrthóirí liostaithe | |

| |
|---|
| ann. |

| B. Mionsonraí Teagmhála – An Gníomhaire | |
|---|---|
| **B. I gcás ina bhfuil an t-iarratas seo á dhéanamh ag Gníomhaire thar ceann Iarratasóra, ní mór mionsonraí teagmhála an Ghníomhaire a sholáthar** | |
| Ainm | |
| Seoladh | |
| | |
| | |
| Cód Poist | |
| Uimhir Theileafóin (sa lá) | |
| Uimhir Theileafóin (san oíche) | |
| Facs | |
| ríomhphost | |
| An bhaint leis an Iarratasóir e.g. fostaí, sainchomhairleoir, comhpháirtí. | |

**CUID II – Roinn 2**

**A. Mionsonraí faoin Láithreán**

| A (i) Tabhair sonraí anseo thíos faoin láithreán/ngníomhaíocht óna mbeartaítear scardadh a dhéanamh. | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ainm an Láithreáin (más infheidhme) | | | | |
| Seoladh | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| Cód Poist | | | | |
| Suíomh an láithreáin (Comhordanáidí) | Oirlíne | | Tuaidhlíne | |
| An forbairt atá ann cheana féin nó an forbairt nua atá i gceist leis an láithreán? | Forbairt atá ann cheana féin | | Forbairt nua | |
| Ar deonaíodh aon cheadúna(i)s scardaidh ann roimhe seo i ndáil leis an láithreán? | Deonaíodh | | Níor deonaíodh | |
| | Uimhir Thagartha:______________ | | Uimhir Thagartha:_____________ | |
| Ar deonaíodh cead pleanála d'aon fhorbairt bheartaithe/fhorbairt atá ann cheana féin ar an láithreán? | ☐ Deonaíodh    Uimhir Thagartha ____________<br>☐ Ar feitheamh | | | |

| | |
|---|---|
| | ☐ Ní dhearnadh aon iarratas ina leith |
| An bhfuil cóipeanna de na léarscáileanna/líníochtaí seo a leanas in éineacht leis seo? | ☐ Léarscáil Shuíomh an Láithreáin<br>☐ Léarscáil Leagan Amach an Láithreáin<br>☐ Líníochtaí de Chóras Draenála an Láithreáin<br>☐ Ceann ar bith de na nithe thuas<br>*Féach "Treoir maidir le hIarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Scardaidh" chun mionsonraí a fháil faoi na nithe atá le bheith ann sna léarscáileanna.* |
| Mionsonraí faoin ionad scardaidh | Tabhair mionsonraí faoi dhearadh, faoi mhéid agus faoi thógáil an ionaid scardaidh |
| *Tabhair cóipeanna de na léarscáileanna den ionad scardaidh.* | |

| **A (ii) Sainaithin an limistéar/na limistéir óna nginfear an scardadh atá beartaithe.** | | | |
|---|---|---|---|
| An Cineál Áitribh | *Cuir tic sa bhosca cuí* | | √ |
| | Cóiríocht | Teach Cónaithe/Teach Saoire | |
| | | Óstán/Teach Aíochta/Leaba & Bricfeasta | |
| | | Páirc Charbhán/Láithreán Campála | |
| | | Teach Banaltrais | |
| | Oideachas | Saoráid neamhchónaitheach | |
| | | Scoil Chónaithe | |
| | | Coláiste/Ollscoil | |
| | Tráchtáil/Seirbhís | Oifig | |
| | | Gruagaire/Sciamhlann | |
| | | Lialann | |
| | | Fiaclóir | |
| | | Neachtlainníní agus Tirimghlantóirí | |
| | | Stáisiún Peitril | |
| | | Ospidéal | |
| | | Eaglaisí, Mainistreacha etc | |
| | | Taitneamhachtaí (galfchúrsa, saoráidí spóirt etc.) | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Bia & Deochanna | Teach Tábhairne (lena ngabhann ullmhú bia nó gan ullmhú bia) | |
| | | Bialann/Caifé/Beir Leat | |
| | Iompar | Aerfort | |
| | | Stáisiún traenach | |
| | | Stáisiún bus | |
| | Tionscal | Tionscal tirim-phróisis gan cheaintín | |
| | | Tionscal tirim-phróisis lena ngabhann ceaintín ina n-ullmhaítear bia | |
| | | Tionscal ceimiceán | |
| | | Adhmad, páipéar, teicstílí agus leathar | |
| | | Bia agus deochanna | |
| | | Mianraí agus ábhair eile | |
| | | Fuinneamh | |
| | | Miotail | |
| | | Snáithíní mianracha agus gloine | |
| | | Breoslaí iontaise | |
| | | Monarú stroighne | |
| | | Dramhaíl | |
| | | Bratú dromchla | |
| | **b** *(Sonraigh, le do thoil)* | e.g. gníomhaíochtaí turasóireachta, ionaid oidhreachta, cairéalachta. | |

| **A (iii) Gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích ar an láithreán.** |
|---|
| Tabhair mionsonraí faoi na gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích ar an láithreán. I gcás ina bhfuil próiseas i gceist leis sin, tabhair forléargas ar an bpróiseas. Go háirithe, tabhair léiriú i dtaobh cén áit a ngintear dramhuisce tís/eisilteach trádála.<br><br><br>*Cuir leatháin bhreise i gceangal leis seo más gá sin.* |

| | |
|---|---|
| Ábhair Phróisis & Diúscairt Dramhaíola | Más infheidhme, comhlánaigh **Aguisín A agus Aguisín B** den fhoirm seo. |

| **CUID III – Roinn 1** |
|---|

| **A. Mionsonraí faoin Eisilteach** |
|---|
| **Ní mór do Gach Iarratasóir <u>CUID III – Roinn 1 A</u> a chomhlánú.** |

| | |
|---|---|
| An cineál eisiltigh | ☐ Dramhuisce Tís amháin<br>☐ Eisilteach Trádála amháin<br>☐ Eisilteach Tís agus Eisilteach Trádála |
| Luaigh an cineál scardaidh lena mbaineann an t-iarratas seo | ☐ Scardadh Nua<br>☐ Scardadh atá ann cheana féin |
| Dramhuisce Tís amháin<br>(más iomchuí) | Coibhéis Daonra (p.e.) ________________ |
| | Sreabhadh Ionchasach le linn Aimsire Tirime (DWF) _____$m^3$/lá<br><br>***Tabhair mionsonraí i dtaobh conas a ríomhadh an P.E. & an DWF.*** |
| Eisilteach Trádála amháin nó Eisilteach Tís & Eisilteach Trádála<br>(más iomchuí) | Is é atá sa ghnáth-thoirt eisiltigh a scardtar in aghaidh an lae ná _______ $m^3$/lá. |
| | Is é atá sa toirt uasta eisiltigh a scardtar aon lá ná ________ $m^3$/lá. |
| | Is é atá sa toirt uasta eisiltigh a scardtar in aghaidh na huaire an chloig ná _______ $m^3$/uair an chloig |
| *Tabhair mionsonraí i dtaobh conas a ríomhtar an sreabhadh eisiltigh* | |
| Saintréithe an Eisiltigh | Comhlánaigh Aguisín C agus Aguisín D den fhoirm seo.<br><br>*Cuir leatháin bhreise i gceangal leis seo más gá sin.* |

| **B. Mionsonraí faoin Eisilteach** |
|---|
| **Ní mór do Gach Iarratasóir <u>CUID III – Roinn 1 B</u> a chomhlánú.**<br>*Cuir leatháin bhreise i gceangal leis seo más gá sin.* |

| | |
|---|---|
| Athraitheacht maidir leis an Scardadh | Tabhair léiriú achomair i dtaobh an dóigh go mbeidh athraitheacht ann maidir le sreabhadh an eisiltigh nó maidir le saintréithe an eisiltigh e.g. de bharr athruithe ar an bpróiseas, de bharr athruithe séasúracha, de bharr athruithe laethúla etc.<br><br>I gcás athrú séasúrach nó athrú eile a bheith i gceist leis an scardadh, tabhair mionsonraí le do thoil faoi thoirteanna an scardaidh agus faoi thráthanna an scardaidh.<br><br>Tabhair mionsonraí freisin, in Aguisín C agus in Aguisín D, faoi shaintréithe athraitheacha an eisiltigh. |
| Dáta an Scardaidh | Dáta:____________________________________<br><br>Luaigh an dáta atá beartaithe chun tús a chur leis an scardadh nó, i gcás inar scardadh é atá ann cheana féin, luaigh an dáta ar cuireadh tús leis an scardadh. |
| Saillte, Olaí agus Gréisc (FOG)<br>(más iomchuí) | Tabhair mionsonraí faoi bhearta rialaithe a bheartaítear a dhéanamh chun FOG a bhaint as an eisilteach roimh an scardadh. Tabhair leatháin sonraí teicniúla le haghaidh aon trealaimh a bheartaítear a úsáid. |
| Dramhbhia | Tabhair mionsonraí faoi shocruithe maidir le |

| | |
|---|---|
| (más iomchuí) | leithscaradh foinsí agus diúscairt dramhbhia. |
| Scardadh Eile | Tabhair sonraí faoi aon scardadh eile ón áitreabh (e.g. uisce stoirme). |
| An Soláthar Uisce | Tabhair mionsonraí faoi fhoinse an uisce ar cuid den scardadh é e.g. príomhphíopa, tollpholl, abhainn etc. |
| | Is é atá sa toirt mheasta uisce a úsáidtear in aghaidh an lae ná ___________ $m^3$/lá. |
| Mionsonraí Eile faoin Eisilteach Eile | D'fhéadfadh sé go n-iarrfar ort cibé sonraí eile a éileoidh an tÚdarás Ceadúnúcháin le réasún a thabhairt le go bhféadfar an t-iarratas a bhreithniú e.g. tástáil tocsaineachta eisiltigh, tástáil bithbhailithe, tástáil bithmhillte. |

**CUID III – Roinn 2**

**Ní mór CUID III – Roinn 2 A a chomhlánú i gcás ina bhfuil cóireáil le déanamh ar an eisilteach roimh an scardadh.**

| | | |
|---|---|---|
| Oibreoir an Chórais Cóireála | I gcás ina bhfuil an córas cóireála le cothabháil agus le hoibriú ag tríú páirtí, tabhair an fhaisnéis seo a leanas le do thoil: | |
| | Ainm Teagmhála | |
| | Ainm na Cuideachta | |
| | Seoladh | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | Cód Poist | |
| | Uimhir Theileafóin (sa lá) | |
| | Uimhir Theileafóin | |

| | | |
|---|---|---|
| | (san oíche) | |
| | Facs | |
| | ríomhphost | |
| | Mionsonraí faoin gCuideachta Chláraithe | |
| Forléargas ar an gCóras Cóireála Dramhuisce | Tabhair sonraí faoin gcóras cóireála eisiltigh atá ann cheana féin/atá beartaithe.<br><br>*Cuir leatháin bhreise i gceangal leis seo más gá sin.* | |
| *Tabhair cóipeanna de líníochtaí phróiseas an chórais cóireála.* | | |

| **B. Cóireáil Eisiltigh** | |
|---|---|
| Ní mór CUID III – Roinn 2 B a chomhlánú i gcás ina bhfuil cóireáil le déanamh ar an eisilteach roimh an scardadh.<br>*Cuir leatháin bhreise i gceangal leis seo más gá sin.* | |
| Cothabháil an Chórais Cóireála | Tabhair mionsonraí faoi na tograí maidir le cothabháil an chórais cóireála. |
| Cliseadh Gléasra | Luaigh conas a dhéanfar aon chliseadh sa chóras cóireála a bhrath. |

| | |
|---|---|
| | |
| Sloda | Tabhair mionsonraí faoi na tograí maidir le déileáil le sloda (más iomchuí). |

| **CUID III – Roinn 3** |
|---|

| **A. Faireachán ar Eisilteach** | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ní mór do Gach Iarratasóir CUID III – Roinn 3 A a chomhlánú.<br>Tabhair mionsonraí faoin bhfaireachán atá beartaithe maidir leis an scardadh eisiltigh<br>*Cuir leatháin bhreise i gceangal leis seo más gá sin.* | | | | | | | | | | | | | | |
| Faireachán a dhéanamh ar an Scardadh | Tabhair mionsonraí faoi aon tograí maidir le faireachán a dhéanamh ar an scardadh e.g.<br>• Na paraiméadair atá le hanailísiú;<br>• An clár faireacháin;<br>• Mionsonraí faoi aon trealamh faireacháin atá le húsáid. | | | | | | | | | | | | | | |
| Suíomh an phointe/na bpointí anailísithe (Comhordanáidí) | Oirlíne | | | | | | | Tuaidhlíne | | | | | | |
| Faireachán ar Shreabhadh Eisiltigh | Tabhair mionsonraí faoi aon tograí maidir le faireachán a dhéanamh ar shreabhadh an scardaidh. | | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | | | | |
| Faireachán ag an Údarás Ceadúnúcháin | Tabhair tuairisc i dtaobh conas a thabharfar rochtain don Údarás Ceadúnúcháin ar an eisilteach chun gur féidir leis samplaí a thógáil agus tabhair léiriú ar an bpointe ina bhféadfar na samplaí sin a thógáil e.g. an dúnpholl deiridh roimh an ionad scardaidh. *(Tabhairt an tagairt eangaí thíos).* | | | | | | | | | | | | | |
| Suíomh an phointe/na bpointí anailísithe don Údarás Ceadúnúcháin (Comhordanáidí) | Oirlíne | | | | | | | Tuaidhlíne | | | | | | |

<table>
<tr><td colspan="3">B. Truailliú a Rialú</td></tr>
<tr><td colspan="3">Ní mór do Gach Iarratasóir <u>CUID III – Roinn 3 B</u> a chomhlánú.<br>Tabhair mionsonraí faoi aon bhearta atá beartaithe chun truailliú a rialú.<br>Cuir leatháin bhreise i gceangal leis seo más gá sin.</td></tr>
<tr><td>Scardadh Timpisteach</td><td colspan="2">Tabhair mionsonraí faoi na socruithe chun scardadh timpisteach a chosc</td></tr>
<tr><td colspan="3">Tabhair mionsonraí thíos faoi na nósanna imeachta éigeandála, faoi na daoine teagmhála agus faoi na saoráidí atá ar fáil más gá gníomhú i gcás ina dtarlaíonn teagmhais gan choinne.</td></tr>
<tr><td rowspan="4">Gníomhú Éigeandála</td><td>Ainm Teagmhála</td><td></td></tr>
<tr><td>Uimhir Theileafóin (sa lá)</td><td></td></tr>
<tr><td>Uimhir Theileafóin (san oíche)</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Tabhair mionsonraí faoi aon nós imeachta éigeandála.</td></tr>
<tr><td>Plean Bainistíochta Comhshaoil</td><td colspan="2">An bhfuil Plean Bainistíochta Comhshaoil ann i leith an láithreáin?</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | ☐ Tá<br>☐ Níl<br>*Más é 'Tá' an freagra, tabhair cóip den phlean sin in éineacht leis an iarratas seo.* |

| |
|---|
| **CUID IV – Roinn 1** |

| | |
|---|---|
| A. Mionsonraí Ginearálta | |
| Luaigh cén fáth nach bhfuil sé indéanta scardadh a dhéanamh isteach i séarach. | |
| Tabhair mionsonraí faoin bhfógra nuachtáin. | Ainm an Fhoilseacháin: _______________________ |
| | Dáta Foilsithe: ______________________________<br>*Tabhair leagan bunaidh amháin den fhógra, le do thoil, móide an líon riachtanach cóipeanna de.* |

| |
|---|
| **CUID IV – Roinn 2** |

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **A. (i) Mionsonraí faoin Uisce Fála – Scardadh isteach in Uisce Dromchla Intíre** | | | | | | | | | | | | | | |
| Ní mór CUID IV – Roinn 2 A a chomhlánú i gcás ina mbaineann an t-iarratas le scardadh isteach in uiscí dromchla intíre i.e. srutháin/aibhneacha/lochanna. | | | | | | | | | | | | | | |
| Ainm an Uisce Fála | | | | | | | | | | | | | | |
| Suíomh an Scardaidh (Comhordanáidí) | Oirlíne | | | | | | | Tuaidhlíne | | | | | | |
| *Cuir isteach rónna breise más gá sin.*<br>Ní mór gach suíomh scardaidh a thaispeáint go soiléir ar Léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis. | | | | | | | | | | | | | | |

| | |
|---|---|
| Úsáidí Faoi Láthair | Tá an t-uisce fála ina chraobh-abhainn de chuid _______________ *(cuir isteach ainm an dobharlaigh).*<br><br>Is iad seo a leanas na húsáidí a bhaintear as an uisce _____________ *(e.g. slatiascaireacht, áineas, seoltóireacht etc.)* |
| Ainmniú * | Tá an t-uisce fála suite laistigh de theorainn limistéir den sórt seo a leanas: *(cuir tic sa bhosca cuí)*<br><br>☐ SAC lena ngabhann cód láithreáin |

| | |
|---|---|
| | _____________.<br><br>☐ SPA lena ngabhann cód láithreáin<br><br>_____________.<br><br>☐ Ceann ar bith de na nithe thuas<br><br>** Nóta: I gcás ina bhfuil an scardadh suite laistigh de theorainn láithreán Natura 2000 (SAC nó SPA), ní mór Measúnacht Chuí (Ráiteas Tionchair Natura) a chur ag gabháil leis an iarratas seo de réir mar a cheanglaítear le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le Caomhnú Gnáthóg Nádúrtha agus Fauna agus Flora Fiáine (an Treoir maidir le Gnáthóga).*<br>-----------------------------------------------------------------------------<br>Tá an t-uisce fála ainmnithe mar a leanas: *(cuir tic sa bhosca cuí)*<br><br>☐ Uisce Salmainide<br><br>☐ Uisce Snámha Intíre<br><br>☐ Uisce Diúilicíní Péarla<br><br>☐ Uisce Óil<br><br>☐ Uisce Íogair<br><br>☐ Ceann ar bith de na nithe thuas |
| Ainm an Cheantair Abhantraí | Tabhair ainm an Cheantair Abhantraí ina bhfuil an scardadh suite<br>_________________________. |

| | |
|---|---|
| Stádas an Dobharlaigh de réir na Creat-Treorach Uisce | ☐ Gan Stádas ☐ Measartha<br>☐ Olc ☐ Maith<br>☐ Lag ☐ Ard |
| Léigh "Treoir maidir le hIarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Scardaidh" chun foinsí faisnéise a fháil | |
| Sonraí faoi Shreabhadh Uisce Fála | *Má tá faisnéis den chineál seo a leanas ar fáil, tabhair faisnéis ón stáisiún hidriméadrach/uirlis mheasta sreabhaidh.*<br><br>__________ *$m^3$ /soic de Shreabhadh Aimsire Tirime (DWF).*<br><br>__________ *$m^3$ /soic de Shreabhadh Meánach.*<br><br>__________ *$m^3$ /soic de Shreabhadh 95%íle.*<br><br>*Foinse na Faisnéise:*<br><br>☐ *GCC* ☐ *OOP*<br><br>*Uimhir Thagartha an Stáisiúin Hidriméadraigh:*_______________<br><br>---------------------------------------------------------------------------------<br>*Tabhair faisnéis ó thomhas amháin sreabhaidh ar an láithreán i gcás tomhas den sórt sin a bheith déanta.*<br><br>Sreabhadh ag an ionad scardaidh atá beartaithe: __________ $m^3$/soic Dáta:________<br>Sreabhadh ag an ionad scardaidh atá beartaithe: __________ $m^3$/soic Dáta:________<br>Sreabhadh ag an ionad scardaidh atá beartaithe: __________ $m^3$/soic Dáta:________<br><br>Sreabhadh ag stáisiún hidriméadrach sa chomharsanacht: __________ $m^3$/soic Dáta:________<br>Sreabhadh ag stáisiún hidriméadrach sa chomharsanacht: __________ $m^3$/soic Dáta:________<br>Sreabhadh ag stáisiún hidriméadrach sa chomharsanacht: __________ $m^3$/soic Dáta:________ |

| | |
|---|---|
| | *Tabhair faisnéis faoin mbáisteach ar feadh tréimhse sé lá ar a laghad roimh gach tomhas sreabhaidh.* |
| *I gcás ina ndéantar sreabhadh isteach i loch, is dóigh go mbeidh gá le samhaltú easraithe. Is ceart don Iarratasóir dul i gcomhairle leis an Údarás Ceadúnúcháin.* | |

| **A. (ii) Mionsonraí faoin Uisce Fála – Scardadh isteach in Uisce Dromchla Intíre** | | |
|---|---|---|
| Sonraí ceimiceacha cúlracha an uisce fála | Paraiméadar | Toradh (meánach) |
| | $BOD_5$ $mgO_2$/l | |
| | Solaid ar fuaidreamh mg/l | |
| | pH (aonaid pH) | |
| | Ocsaigin Thuaslagtha mg/l $O_2$ | |
| | Teocht ºC | |
| | Amóinia Iomlán mar mg/l N | |
| | Un-ionised Ammonia as mg/l N | |
| | Ortafosfáit mar mg/l P (MRP neamhscagtha) | |
| | Fosfar Iomlán mar mg/1 P | |
| | Nítrít mar mg/l N | |
| | Níotráit mar mg/l N | |
| | Nítrigin Iomlán mg/l N | |
| | Clóiríd mg/l | |
| | Sulfáit mg/l | |
| Léigh "Treoir maidir le hIarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Scardaidh" chun treoir a fháil maidir le sonraí faireacháin a thuairisciú agus maidir le sampláil. | | |

| **B. (i) Mionsonraí faoin Uisce Fála – Scardadh isteach in Uisce Idirchriosach/Cósta** | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ní mór CUID IV – Roinn 2 B a chomhlánú i gcás ina mbaineann an t-iarratas le scardadh isteach in uiscí cósta nó in uiscí idirchriosacha i.e. inbhir/uiscí muirí. | | | | | | | | | | | | | | | |
| Ainm an Uisce Fála | | | | | | | | | | | | | | | |
| Suíomh an Scardaidh (Comhordanáidí) | Oirlíne | | | | | | | **Tuaidhlíne** | | | | | | | |
| *Cuir isteach rónna breise más gá sin.*<br>Ní mór gach suíomh scardaidh a thaispeáint go soiléir ar Léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Tá an t-uisce fála suite laistigh de theorainn láithreáin den sórt seo a leanas (nó tá an pointe scardaidh laistigh de | | | | | | | | | | | | | | |

| | |
|---|---|
| Ainmniú * | theorainn láithreáin den sórt seo a leanas, nó laistigh d'achar 3km ón teorainn sin): *(cuir tic sa bhosca cuí)*<br><br>☐ SAC lena ngabhann cód láithreáin _____________.<br><br>☐ SPA lena ngabhann cód láithreáin _____________.<br><br>☐ Ceann ar bith de na nithe thuas _____________.<br><br>** Nóta: I gcás ina bhfuil an scardadh suite laistigh de theorainn SAC/SPA, nó laistigh d'achar 3km ó SAS/SPA, ní mór Measúnacht Chuí (Ráiteas Tionchair Natura) a chur ag gabháil leis an iarratas seo de réir mar a cheanglaítear le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le Caomhnú Gnáthóg Nádúrtha agus Fauna agus Flora Fiáine (an Treoir maidir le Gnáthóga).*<br>------------------------------------------------------------------------<br>Tá an t-uisce fála ainmnithe mar a leanas: *(cuir tic sa bhosca cuí)*<br><br>☐ Uisce Sliogéisc<br><br>☐ Uisce Snámha<br><br>☐ Uisce Íogair<br><br>☐ Ceann ar bith de na nithe thuas |
| Ainm an Cheantair Abhantraí | Tabhair aim an Cheantair Abhantraí ina bhfuil an scardadh suite ________________________. |
| Stádas an Dobharlaigh de réir na Creat-Treorach Uisce | ☐ Gan Stádas ☐ Measartha<br><br>☐ Olc ☐ Maith<br><br>☐ Lag ☐ Ard |
| Léigh "Treoir maidir le hIarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Scardaidh" chun foinsí faisnéise a fháil. | |

| | |
|---|---|
| | |
| Suíomh an ionaid scardaidh | Tá/Beidh an t-ionad scardaidh suite _____ m(h)éadar os cionn/faoi bhun (scrios mar a oireann) Mheánleibhéal na hArdtaoide Rabharta<br><br>agus<br><br>Tá/Beidh an t-ionad scardaidh suite _____ m(h)éadar os cionn/faoi bhun (*scrios mar a oireann*) Mheánleibhéal na Lagthaoide Rabharta |
| Suirbhé Bataiméadrach | Rinneadh/Ní dhearnadh suirbhé bataiméadrach *(scrios mar a oireann)*.<br><br>*I gcás ina ndearnadh suirbhé bataiméadrach, tabhair cóip den suirbhé sin, le do thoil, in éineacht leis an iarratas seo.* |
| Ceadúnas Urthrá | Is mar a leanas an stádas maidir le Ceadúnas Urthrá<br><br>☐ Deonaíodh é<br><br>☐ Ar feitheamh<br><br>☐ Ní dhearnadh aon iarratas ina leith<br><br>☐ Níl aon ghá le ceadúnas urthrá<br><br>*I gcás ina ndearnadh Ceadúnas Urthrá a dheonú, tabhair cóip den cheadúnas sin, le do thoil, in éineacht leis an iarratas seo.* |

| | | |
|---|---|---|
| Sonraí ceimiceacha cúlracha an uisce fála | Paraiméadar | Toradh (meánach) |
| | Clóraifill a µg/l | |
| | Trédhearcacht de réir dhoimhneacht Secchi | |
| | Salandacht psu | |
| | Teocht ºC | |
| | Sáithiúchán Ocsaigine Tuaslagtha mar % | |
| | Nítrigin Thuaslagtha Neamhorgánach mg/l N | |
| | Amóinia neamhianaithe mar | |

| | | |
|---|---|---|
| | mg/1 N | |
| | Ortafosfáit mar mg/l P | |
| | Fosfar Iomlán mar mg/1 P | |
| | Nítrít mar mg/l N | |
| | Níotráit mar mg/l N | |
| | Nítrigin Iomlán mg/l N | |
| | $BOD_5$ mg/l (Dobharlach Idirchriosach) | |
| Léigh “Treoir maidir le hIarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Scardaidh” chun treoir a fháil maidir le sonraí faireacháin a thuairisciú agus maidir le sampláil. | | |

**CUID IV – Roinn 3**

| **A. Tionchar an Scardaidh – Scardadh isteach in Uiscí Dromchla Intíre** | |
|---|---|
| Ní mór CUID IV – Roinn 3 A a chomhlánú i gcás ina mbaineann an t-iarratas le scardadh isteach in Uiscí Dromchla Intíre. | |
| An ndearnadh aon cheann de na measúnachtaí seo a leanas a chur i gcrích i dtéarmaí an scardaidh/na n-uiscí fála atá i gceist? | ☐ Tástáil Tocsaineachta<br>☐ Tástáil Bithbhailithe<br>☐ Tástáil Bithmhillte<br>☐ Staidéar Dobharshaothraithe/Iascaigh<br>☐ Samhaltú Creasa Measctha<br>☐ Eile ______________________(*sonraigh le do thoil*)<br>*Más é ‘Tá’ an freagra, tabhair cóip den tuarascáil in éineacht leis an iarratas seo* |

| **B. Tionchar an Scardaidh – Scardadh isteach in Uiscí Idirchriosacha/Cósta** | |
|---|---|
| Ní mór CUID IV – Roinn 3 B a chomhlánú i gcás ina mbaineann an t-iarratas le scardadh isteach in Uiscí Idirchriosacha/Cósta. | |
| An ndearnadh aon cheann de na measúnachtaí seo a leanas a chur i gcrích i dtéarmaí an scardaidh/na n-uiscí fála atá i gceist? | ☐ Tástáil Tocsaineachta<br>☐ Tástáil Bithbhailithe<br>☐ Tástáil Bithmhillte<br>☐ Staidéar Dobharshaothraithe/Iascaigh<br>☐ Samhaltú Easraithe<br>☐ Eile ______________________(*sonraigh le do thoil*)<br>*Más é 'Tá' an freagra, tabhair cóip den tuarascáil in éineacht leis an iarratas seo..* |
| Easrú Eisiltigh | Tabhair mionsonraí faoi thyograí maidir le heasrú eisiltigh.<br><br>*Cuir leatháin bhreise i gceangal leis seo más gá sin..* |

| CUID IV – Roinn 4 |
|---|

| Seicliosta don Iarratasóir | |
|---|---|
| Mionsonraí atá le Soláthar | Cuir tic sa bhosca nuair atá an t-ábhar seo ann |
| 1. Foirm iarratais agus í comhlánaithe go hiomlán, sínithe agus dátaithe (1 chóip chrua agus cóip leictreonach amháin curtha ar aghaigh trí ríomhphost chuig environ@galwaycoco.ie. Má tá an doiciméad ró-mhór le seoladh trí ríomhphost, dean teaghmháil lean an Rannóg Comhshaoil chen treoir a fháil maidir le conas doiciméid a chuir isteach trí One Drive). | |
| 2. Ainm & seoladh an Iarratasóra (& an Ghníomhaire más cuí) | |
| 3. Ar sainaithníodh an cineál scardaidh i.e. scardadh nua nó scardadh atá ann cheana féin/eisilteach tís nó eisilteach trádála? | |
| 4. Ar sainaithníodh suíomh an scardaidh ar léarscáil suímh? | |
| 5. Fógra Nuachtáin (Leagan bunaidh amháin móide cóip chrua amháin) | |
| 6. Táille iarratais €380 | |
| 7. Léarscáil suímh de réir scála 1:50,000 | |
| 8. Léarscáil leagan amach an láithreáin de réir scála 1:2500 | |
| 9. Líníochtaí córais draenála de réir scála nach mó ná 1:2500 | |
| 10. Tuairisc ar an bpróiseas is cúis le heisilteach trádála | |
| 11. Tuairisc ar an modh ina mbeartaítear eisilteach a chóireáil (lena n-áirítear bearta chun FOG a rialú, más cuí sin) | |
| 12. Líníochtaí de phróiseas an chórais cóireála | |
| 13. Mionsonraí faoin ionad scardaidh agus líníochtaí de | |
| 14. Mionsonraí faoi oibriú & faoi chothabháil an chórais cóireála | |
| 15. Mionsonraí faoi chaighdeán, faoi thoirt scardaidh agus faoi shreabhadh an eisiltigh | |
| 16. Measúnacht ar chaighdeán an uisce fála (fisiciceimiceach & bitheolaíoch) móide ríomhanna sreabhaidh | |
| 17. Measúnacht ar thionchar an scardaidh ar an uisce fála<br>18. Ríomhanna acmhainne comhshamhlaithe<br>19. Mionsonraí faoi limistéir ainmnithe (lena n-áirítear uiscí a ainmniú)<br>20. Mionsonraí faoi íogaireacht uiscí | |
| 21. Tograí maidir le déileáil le sloda (más iomchuí) | |
| 22. Nósanna imeachta éigeandála i gcás ina dtarlaíonn cliseadh gléasra nó teagmhas truaillithe (lena n-áirítear mionsonraí faoi shaoráidí stórála ar an laithreán). | |
| Tabhair aon fhaisnéis bhreise, le do thoil, ar faisnéis í a mheasann tú a bheith bainteach leis an iarratas/scardadh. | |

## Aguisíní

| Aguisín A – Tabhair mionsonraí faoi amhábhair, faoi tháirgí etc. a bhaineann leis an bpróiseas agus a úsáidtear nó a ghintear ar an láithreán. | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Substaint** | **Uimhir CE** | **An Cineál Úsáide** | **An Méid a Stóráiltear (tonaí)** | **An Úsáid in aghaidh na Bliana (tonaí)** | **Aicmiú Contúirte** | **Frása Riosca** | **Frása Sábháilteachta** |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| *Tabhair cóipeanna de Leatháin Sonraí Sábháilteachta Ábhair (MSDS) i gcomhair na n-ábhar.* | | | | | | | |

*Tag. – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú, a Lipéadú agus a Fhógairt), 1994*

| Aguisín B – Diúscairt Dramhaíola lasmuigh den Láithreán | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tuairisc ar an Dramhaíl** | **Uimhir i gCatalóg EWC (Catalóg Dhramhaíola na hEorpa)** | **An Chainníocht (Tonaí sa bhliain)** | **Ainm an láithreáin a ghlacann leis an dramhaíl** | **Uimhir Thagartha cheadúnas comhshaoil an láithreáin** | **Luaigh cibé acu athchúrsáil, aisghabháil nó diúscairt** |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

| Aguisín C – Tréithe Eisiltigh Trádála agus/nó Tís | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *Níl sa liosta paraiméadar seo a leanas ach liosta táscach. Is ceart tréithe breise fisiciúla nó ceimiceacha nó tréithe breise de chineál eile a bhaineann leis an eisilteach atá i gceist a shainaithint freisin.*<br>*Comhlánaigh maidir le gach roinn is infheidhme, agus raoin tiúchana á dtabhairt i gcás iad a bheith ar fáil.* | | | | | | | | |
| Comhordanáidí an Phointe Astaithe (Tábla amháin in aghaidh an phointe astaithe): | | | | | | | | |
| ***Paraiméadar***<br>*Mura luaitear a mhalairt, is i mg/l a thugtar an tiúchan* | | ***Roimh Chóireáil (más ann)*** | | | ***Mar a scardtar*** | | | |
| ***Tréith***<br>***Nóta:***<br>***Roinn A = le comhlánú i gcás eisilteach tís a bheith á scardadh agus sa chás sin amháin***<br>***Roinn A-E = le comhlánú i gcás eisilteach trádála a bheith á scardadh*** | | ***Uasmhéid in aghaidh na huaire an chloig*** | ***Uasmhéid in aghaidh an lae*** | ***Mg/l*** | ***Uasmhéid in aghaidh na huaire an chloig*** | ***Uasmhéid in aghaidh an lae*** | ***Mg/l*** | ***% a Asbhaintear*** |
| A | Teocht ºC | | | | | | | |
| | pH | | | | | | | |
| | Éileamh Bitheolaíoch ar Ocsaigin (5 lá) | | | | | | | |
| | Éileamh Ceimiceach ar Ocsaigin | | | | | | | |
| | Solaid ar fuaidreamh | | | | | | | |
| | Amóinia Iomlán (mar N) | | | | | | | |
| | Níotráit (mar N) | | | | | | | |
| | Fosfar Iomlán (mar P) | | | | | | | |
| | Seoltacht | | | | | | | |
| | Fosfar Molabdáit-Imoibríoch (MRB) | | | | | | | |
| | Olaí, Saillte agus Gréisceanna | | | | | | | |
| | Sulfáití (mar $SO_4$) | | | | | | | |
| | Clóirídí (mar Cl) | | | | | | | |
| | Feanóil (mar $C_6H_5OH$) | | | | | | | |
| | Glantaigh (mar Sulfáit Láirile) | | | | | | | |
| | Bachaillíní Drólannacha Faecacha CFU | | | | | | | |
| B | **Miotail** µg/l | | | | | | | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Arsanaic | | | | | | | |
| | Cróimiam | | | | | | | |
| | Copar | | | | | | | |
| | Ciainíd | | | | | | | |
| | Fluairíd | | | | | | | |
| | Luaidhe | | | | | | | |
| | Nicil | | | | | | | |
| | Sinc | | | | | | | |
| | Eile *(sonraigh, le do thoil)* | | | | | | | |
| C | **Lotnaidicídí & Tuaslagóirí:** | | | | | | | |
| | Atraisín | | | | | | | |
| | Déchlóraimeatán µg/l | | | | | | | |
| | Siomaisín µg/l | | | | | | | |
| | Tolúéin µg/l | | | | | | | |
| | Xiléiní µg/l | | | | | | | |
| D | Comhdhúile Orgánahalaigine (Sonraigh) | | | | | | | |
| | Comhdhúile Orgánafosfair (Sonraigh) | | | | | | | |
| | Comhdhúile Orgánastáin (Sonraigh) | | | | | | | |
| | Olaí Mianracha nó Hidreacharbóin de thionscnamh peitriliam | | | | | | | |
| | Substaintí tocsaineacha eile (Sonraigh) | | | | | | | |
| | Dath (céimeanna *hazen*) | | | | | | | |
| E | **Eile:** | | | | | | | |
| | Tréithe iomchuí eile lena n-áirítear sonraí tocsaineachta éisc ó thástálacha a rinneadh ar an eisilteach ar fad nó ar chuid de. | | | | | | | |

**Aguisín D – Substaintí Contúirteacha**

| An bhfuil aon cheann de na ceimiceáin seo a leanas á úsáid sa phróiseas nó á stóráil san áitreabh? | *Tá/Níl* | *An bhfuil aon ábhar iarmhartacha cheimiceacha de chuid an phróisis nó aon fhuíoll cheimiceach de chuid an phróisis á (h)aisghabháil nó á scardadh?* |
|---|---|---|
| EDC (1, 2 déchlóireatán ($C_2H_4C1_2$))<br>TRI tríchlóireitiléin ($C_2HC1_3$);<br>PER sárchlóireitiléin ($C_2$ $C1_4$);<br>TCB trichlorobenzene | | |
| Teitreaclóiríd charbóin, DDT agus peinteaclóraifeanól | | |
| Aildrin, díldrin, isidrin, HCB (heicseaclóraibeinséin), HCBD (heicseaclórabútaidéin) agus $CHCl_3$ (clóraform) | | |
| Caidmiam | | |
| >100 kg d'aispeist amh | | |
| Atraisín | | |
| Déclóraimeatán | | |
| Siomaisín | | |
| Tolúéin | | |
| Tríbhúitiltin | | |
| Xiléiní | | |
| Arsanaic | | |
| Cróimiam | | |
| Copar | | |
| Ciainíd | | |
| Fluairíd | | |
| Luaidhe | | |
| Nicil | | |
| Sinc | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Seol an fhoirm ar ais chuig:**<br>**Ionad timpeallachta**<br>**Comhairle Chontae na Gaillimhe**<br>**Áras an Chontae**<br>**Cnoc na Radharc**<br>**Gaillimh**<br>**H91 H6KX** | Return to:<br>Environment Unit<br>Galway County Council<br>Áras an Chontae<br>Prospect Hill<br>Galway<br>H91 H6KX | Tel.  (091) 509510<br>Fax. (091) 769590<br>environment@galwaycoco.ie<br>www.gaillimh.ie<br>www.galway.ie |